

Preasráiteas

Pictiúrleabhar nua *Oíche Shamhna* scríofa ag Marie Whelton, maisithe ag Frank Endersby foilsithe ag *LeabhairCOMHAR*

Céard a dhéanfaidh tú Oíche Shamhna? Conas a ghléasfaidh tú? An mbeidh tú i do thaibhse? An ngléasfaidh tú mar chailleach? Nó an mbeidh tú i do vaimpír?

Is mór ag *LeabhairCOMHAR* go bhfuil pictiúrleabhar nua *Oíche Shamhna* leis an údar Marie Whelton agus an maisitheoir Frank Endersby foilsithe agus ar fáil anois don phobal.

Is dán gutha é *Oíche Shamhna* faoi oíche thábhachtach i bhféilire cultúrtha na n-óg. Oibríonn na léaráidí spreagúla go dlúth le focail an dáin chun atmaisféar na Samhna a chruthú agus moltar do léitheoirí ról éagsúla a ghlacadh agus an dán á léamh os ard acu. Tá an leabhar oiriúnach don seomra ranga agus don súgradh baile araon agus cuirfidh sé go mór leis an rogha ábhair atá ar fáil don fhéile spráúil seo.

Dúirt an t-údar Marie Whelton, 'Tá súil agam go mbainfidh léitheoirí taitneamh agus tairbhe as an dán seo a chur i láthair le maisíochtaí fuaimne scanrúla!'

Tá cód MF (*QR code*) sa leabhar a thugann rochtain ar thaifeadadh fuaimne den dán á aithris ag grúpa de léitheoirí óga ó Iarthar Chorcaí. Cabróidh an taifeadadh sin, agus na gníomhaíochtaí ag deireadh an leabhair, le léitheoirí chun cumarsáid a dhéanamh faoi *Oíche Shamhna*.

'Tá lúcháir ar *LeabhairCOMHAR* an leabhar beag álainn seo a chur ar fáil do léitheoirí óga in am d'*Oíche Shamhna* agus ba dheas linn go raibh deis againn a bheith ag obair le Marie Whelton agus le Frank Endersby arís. Is cinnte go mbainfidh idir óg agus aosta sult agus spraoi as é a léamh os ard le chéile,' a dúirt Jennifer Gorissen, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *LeabhairCOMHAR*.

CRÍOCH

Tuilleadh eolais: leabhaircomhar@comhar.ie / (01) 675 1922 / www.comhar.ie/leabhair

Eolas don eagarthóir:

An leabhar:

Teideal: *Oíche Shamhna*

Údar: Marie Whelton

Maisitheoir: Frank Endersby

ISBN: 978-1-7395129-2-7

Praghas: €10.00

Dáta foilsithe: 2 Meán Fómhair 2024

Foilsitheoir: *LeabhairCOMHAR*

Ar fáil le ceannach ó comhar.ie/leabhair/oiche-shamhna/ agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag oifig@comhar.ie nó leis an dáileoir leabhar ÁIS (ais@forasnagaeilge.ie).

An t-údar:

Is as Iarthar Chorcaí do Marie Whelton ó dhúchas ach tá cuid mhaith dá saol gairmiúil caite aici mar léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath. Tá leabhair agus ailt foilsithe aici ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge agus i measc na bhfoilsitheoirí atá tar éis saothar dá cuid a fhoilsiú tá: An Sagart, *LeabhairCOMHAR*, *COMHARTaighde* agus Foilseacháin Ábhair Spioradálta. Tá spéis ar leith aici i bhfilíocht na Gaeilge.

An maisitheoir:

Ealaíontóir agus maisitheoir é Frank Endersby a bhfuil cónaí air in Forest of Dean, Sasana. Tá leabhair maisithe aige do go leor foilsitheoirí éagsúla ar fud an domhain. Ina measc tá: Little Tiger Press, Harper Collins agus Thomas Nelson. Tá spéis ar leith aige i bpictiúir den dúlra a tharraingt agus a phéinteáil.

COMHAR:

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na tograí atá faoi chúram COMHAR tá,

- *Comhar* - iris mhíosúil liteartha na Gaeilge,
- *LeabhairCOMHAR* - inphrionta foilsitheoireachta leabhar,
- *COMHARTaighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil,

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d'Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

LeabhairCOMHAR:

Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *LeabhairCOMHAR* athuair in 2010 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: comhar.ie/eolas